2 Aibreán 2019

Baisc imleabhar ón bPríomhbhailiúchán Lámhscríbhinní foilsithe

Tá 25 imleabhar nua as an bPríomhbhailiúchán Lámhscríbhinní digitithe, innéacsaithe agus ar fáil ar dúchas.ie anois. Baineann an t-ábhar leis na 1930idí. Seo thíos liosta de na himleabhair, de na bailitheoirí agus de na háiteanna.

0160	Liam Mac Coisdealbha, Carna, Co. na Gaillimhe
0163-0167	Proinnsias de Búrca, Dúiche Sheoigheach
0173	Próinséas Ó Ceallaigh, Baile Bhuirne, Co. Chorcaí
0175	Domhnall Ó Súilleabháin, Uíbh Ráthach, Co. Chiarraí
0176	Bailitheoirí éagsúla; ábhar as Dún na nGall, Ciarraí agus Corcaigh
0177	Mícheál Ó Riagáin, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
0178	Pádhraic Ó Cadhain, Dúiche Sheoigheach
0183	Nioclás Breathnach, Na Déise, Co. Phort Láirge
0188	Proinnsias de Búrca, Dúiche Sheoigheach
0189	Tomás Ó Ciardha, Corcaigh, Port Láirge agus Loch Garman
0191	Bailitheoirí éagsúla; ábhar as Gaillimh agus as Maigh Eo
0193	Brighid Ní Chollaráin, Cill Lasrach, Co. Mhaigh Eo
0195	Pádhraic Ó Ceannaigh agus Henry Corduff, Cill Mobhí agus Cill Chomáin, Co. Mhaigh Eo
0198 & 0199	Pádraig Ó Conaill, Míros, Co. Chorcaí
0201	Bailitheoirí éagsúla; An Blascaod Mór agus áiteanna eile i gCorca Dhuibhne, Co. Chiarraí
0233	Seán Ó hEochaidh, Gleann Cholm Cille, Co. Dhún na nGall
0234	Liam Mac Meanman, Cill Taobhóg agus Cluain Dabhaodóg, Co. Dhún na nGall
0238	Liam Mac Coisdealbha, Carna agus Eadargúil, Co. na Gaillimhe agus Cill Mhiáin, Co. Mhaigh Eo
0248	Bailitheoirí éagsúla; ábhar as Dúiche Sheoigheach, Carna agus An Spidéal, Co. na Gaillimhe agus Cill Lasrach, Co. Mhaigh Eo
0260	Liam Mac Meanman, Inis Caoil, Cluain Dabhaodóg agus Míobhaigh, Co. Dhún na nGall

Is féidir teacht ar an ábhar seo uile ag www.duchas.ie/ga/cbe.

Is é An Príomhbhailiúchán Lámhscríbhinní an bailiúchán is déanaí atá á dhigitiú ag foireann dúchas.ie, agus ábhar as á fhoilsiú go ráithiúil. Is éard atá sa bhailiúchán seo 2,400 imleabhar ceangailte d'ábhar a bailíodh ó 1932 i leith. Bhailigh bailitheoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha formhór an ábhair faoi scáth Choimisiún Béaloideasa Éireann (1935–1971). I nGaeilge atá timpeall dhá thrian den ábhar a chuimsíonn gach gné de thraidisiún béil na hÉireann.

Is toradh é dúchas.ie ar chomhpháirtíocht a cuireadh ar bun in 2012 idir Cnuasach Bhéaloideas Éireann in UCD, Leabharlann Dhigiteach UCD, agus Fiontar & Scoil na Gaeilge, DCU. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal bailiúcháin uile Chnuasach Bhéaloideas Éireann a dhigitiú agus a chur ar fáil don phobal ar líne. Tá an tionscadal á chómhaoiniú ag An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le tacaíocht ón gCrannchur Náisiúnta, agus ag an gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath le cabhair airgeadais ó Fhondúireacht Bhéaloideas Éireann. Teagmháil: eolas@duchas.ie

Cnuasach Bhéaloideas Éireann National Folklore Collection
UCD DUBLIN
DCU
An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht
National Lottery
S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal